

Aistriú Sóisialta agus Maolú Bochtaineachta in Éirinn, 2004-2011

Dorothy Watson agus Bertrand Maître

Faisnéis Taighde, Nollaig 2013

Déanann an fhaisnéis taighde seo achoimriú ar thuarascáil a scrúdaíonn ról an aistrithe shóisialta in athdháileadh ioncain agus maolú bochtaineachta in Éirinn. Cuimsíonn an staidéar an tréimhse ó 2004 go dtí 2011, nuair a tharla athrú mór eacnamaíoch, idir fhás borrach eacnamaíoch agus cúlú domhain.

Tugann an tuarascáil léargas ar an bhfáth a raibh ról níos mó ag aistriú sóisialta i maolú bochtaineachta agus díothachta in Éirinn idir 2004 agus 2011, leis na sonraí is déanaí atá foilsithe. déanann sí measúnú ar thionchar an aistrithe shóisialta ar fud grúpaí saolré éagsúla agus déanann sí comparáid idir Éire agus tíortha eile de 15 thír an AE.

Tá an tuarascáil mar thoradh ar chlár taighde na Roinne Coimirce Sóisialaí / na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar mhonatóireacht treochtaí bochtaineachta.



Príomhthorthaí

- B'ionann aistriú sóisialta agus 30 faoin gcéad den ioncam comhlán teaghlaigh in 2011, agus ba mhéadú é seo i gcomparáid le 20 faoin gcéad in 2004.
- Fuair 87 faoin gcéad de na teaghlaigh go léir aistriú sóisialta in 2011. Ba é luach meánach na n-íocaíochtaí seo ná €327 in 2011, méid a bhí níos mó i gcomparáid le €233 in 2004 (praghsanna 2011 i gceist). Tharla an chuid is mó den mhéadú mar gheall ar athrú ar chineál na híocaíochta a fuarthas.
- Fuair 29 faoin gcéad de na teaghlaigh go léir íocaíochtaí aistrithe shóisialta a bhain le dífhostaíocht in 2011. Seo méadú ó 16 faoin gcéad in 2004.
- Ba é éifeachtacht an aistrithe shóisialta (pinsin san áireamh) i laghdú an **ráta bhochtaineachta** ná 71 faoin gcéad in 2011. Bhí sé tar éis méadú ó 53 faoin gcéad in 2004.
- Ba é éifeachtacht an aistrithe shóisialta i laghdú **bhearna bhochtaineachta** an ioncain mhargaidh (an bhearna idir ioncam margaidh agus an líne bhochtaineachta) ná 88 faoin gcéad in 2011. Bhí an táscaire seo go hard cheana in 2004 (84 faoin gcéad), mar sin ba lú an scóip a bhí ann chun feabhsú a dhéanamh.
- Mhéadaigh acmhainneacht an aistrithe shóisialta an bhearna bhochtaineachta ioncam margaidh a dhúnadh ó 1.66 go 1.84 uair mhéid na bearna bochtaineachta idir 2004 agus 2011.
- Bhí 85 faoin gcéad d'ioncam na ndaoine i dteaghlaigh gan phost ag teacht ó aistriú sóisialta in 2011. Maidir le daoine in aois scoir, bhí 77 faoin gcéad i gceist agus 54 faoin gcéad i gcás daoine faoi mhíchumas.
- Bhí éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta go han-ard i measc na ngrúpaí go léir in 2011. Bhí sí idir 84 faoin gcéad i gcás daoine fásta in aois oibre agus 95 faoin gcéad i gcás daoine ar scor. 87 faoin gcéad a bhí i gceist i gcás leanaí agus daoine i dteaghlaigh gan phost.
- Bhog Éire ón lár i dtreo bharr an réimse de 15 thír an AE ó thaobh éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta de idir 2005 agus 2010.

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection



www.welfare.ie

Réamhrá

Scrúdaíonn an tuarascáil seo ról an aistrithe shóisialta i ndúl i ngleic le bochtaineacht in Éirinn ó 2004 go 2011, tréimhse inar tharla fás láidir eacnamaíoch (2004 go dtí 2007) agus cúlú géar ina dhiaidh sin (2008-2011). Mhéadaigh rátaí na n-íocaíochtaí aistrithe shóisialta níos tapúla ná an t-ioncam meánach i rith thréimhse an fháis eacnamaíoch.

Bhí an ghéarchéim eacnamaíoch a tharla in Éirinn, rud a thosaigh in 2008, bhí sí thar a bheith domhain, agus tháinig laghdú ollmhór ar an Olltáirgeacht Náisiúnta agus ar fhostaíocht lena linn. Bhí tionchar mór aige seo dá bharr ar leibhéal an spleáchais teaghlaigh ar aistriú sóisialta. Ina ainneoin seo, tugann staidreamh Eorpach le fios gur bhain Éire úsáid thar a bheith éifeachtach as aistriú sóisialta chun bochtaineacht a mhaolú, i gcomparáid le tíortha eile Eorpacha.

Agus an cúlra seo ann, baineann an tuarascáil taighde úsáid as an tSuirbhéireacht ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SIDM) a bhí déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta in Éirinn sa tréimhse ó 2004 go 2011. Sainmhíníonn **Bosca 1** na príomhchoincheapa a úsáidtear sa tuarascáil. Léiríonn an tuarascáil figiúirí atá ríofa i leith daoine aonair nó i leith na dteaghlach éagsúil, agus iad á gcur i láthair de réir mar a oireann siad don cheist atá á plé.

Cuireann an tuarascáil léargas tábhachtach ar fáil ar ról maolaithe bochtaineachta agus athdháilte ioncaim an aistrithe shóisialta, agus coincheapa na héifeachtachta agus na héifeachtúlachta laghdaithe bochtaineachta á n-úsáid. Ach tugann na húdair rabhadh gur maith an seans gur fotháirge a bhaineann le haistriú sóisialta a dhearadh é an rud a bhféadfadh cuma na neamhéifeachtúlachta a bheith air, agus é ag díriú ar spriocanna eile amhail obair a chur chun cinn, feabhsú a dhéanamh ar rannpháirtíocht shóisialta nó forbairt scileanna a spreagadh. I gcuid mhaith cásanna, beidh gá leis an sprioc méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta a chothromú le haidhmeanna eile polasaí.

Úsáideann an tuarascáil sonraí SIDM 2011 go príomha, is iad sin, na cinn is déanaí atá foilsithe. Is féidir treochtaí ó 2011 a léirmhíniú i bhfianaise shamhail chánach / leasa shóisialaigh SWITCH an ITES. Féach Callan, T., Nolan, B., Keane, C., Savage, M. agus Walsh, J. (2013) *Géarchéim, Freagra agus Tionchar Dáileacháin: Cás na hÉireann*, Baile Átha Cliath: ITES (ESRI).

Bosca 1: Tomhas a dhéanamh ar thionchar an aistrithe shóisialta ar bhochtaineacht ioncaim

Cuimsíonn **aistriú sóisialta** ioncam ó íocaíochtaí stáit atá de réir tástáil acmhainne (m.sh. liúntas cuardaitheora poist, pinsean stáit neamhranníochach), íocaíochtaí stáit nach bhfuil de réir tástáil acmhainne (m.sh. sochar linbh, sochar cuardaitheora poist, pinsean stáit ranníochach), chomh maith le pinsin cheirde agus eachtracha (m.sh. ó fhostaíocht earnála poiblí nó príobháidí).

Tagann **ioncam margaidh** ó fhostaíocht, féinfhostaíocht, ús agus díbhinní ó choigilteas agus infheistíochtaí, agus ó ioncam maoinne.

Is ionann **bearna bochtaineachta an ioncaim mhargaidh** agus an bearna idir ioncam margaidh an teaghlaigh agus an tairseach bochtaineachta (.i. an t-ioncam faoin measfaí an teaghlach a bheith bocht).

Is ionann **acmhainneacht laghdaithe bochtaineachta** agus an caiteachas comhiomlán ar aistriú sóisialta, agus é léirithe mar chóimheas maidir leis an mbearna bochtaineachta chomhiomlán ioncam margaidh.

> 1.0	ba leor an méid a caitheadh chun bearna bochtaineachta an ioncaim mhargaidh a dhúnadh
< 1.0	ní leor é chun bearna bochtaineachta an ioncaim mhargaidh a dhúnadh

Is ionann **éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta** agus an oiread a chuireann aistriú sóisialta le laghdú bochtaineachta. Is féidir í a thomhas trí laghdú ar an ráta bochtaineachta, nó laghdú ar bearna bochtaineachta an ioncaim mhargaidh. Tá an dara tomhas níos fearr ós rud é go gcuireann sé san áireamh cé chomh híseal is atá ioncam na ndaoine faoi bhun na tairsí bochtaineachta.

Is ionann **éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta** agus comhréir an aistrithe shóisialta a chuireann le laghdú bearna bochtaineachta an ioncaim mhargaidh.

Cé go ndéantar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a thomhas mar chéatadáin, níor chóir a mheas gur féidir 100% a bhaint amach, ná gur 'órchaighdeán' é. I measc nithe eile, chuirfeadh córas aistrithe shóisialta atá 100% éifeachtúil maidir le laghdú bochtaineachta ráta 100% tarrainthe siar sochar i bhfeidhm ag an tairseach bochtaineachta. D'fhéadfadh sé seo struchtúr dreasachta nach mbeadh inmhianaithe in aon chor ó thaobh rannpháirtíocht oibre de a chruthú.

Cuid 1: Athrú ar aistriú sóisialta agus ioncam margaidh ó 2004 go 2011

D'athraigh comhdhéanamh ioncam comhlán an teaghlaigh mheánaigh idir 2004 agus 2011. Laghdaigh an sciar ó ioncam margaidh ó 80 faoin gcéad go 70 faoin gcéad, agus mhéadaigh an sciar ó aistriú sóisialta ó 20 faoin gcéad go 30 faoin gcéad.

Athruithe ar leibhéal an ioncaim mhargaidh

Fuair 76 faoin gcéad de na teaghlaigh go léir roinnt ioncam margaidh in 2004, líon a laghdaigh go 71 faoin gcéad faoi 2011. Ag an am céanna, thit an t-ioncam meánach comhlán margaidh i dteaghlaigh a bhí ag fáil ioncam margaidh áirithe ó €1,044 in 2004 go €939 in aghaidh na seachtaine i dtéarmaí phraghsanna 2011.

Athruithe ar leibhéal an ioncaim ó aistriú sóisialta

Fuair 85 faoin gcéad de na teaghlaigh go léir ioncam éigin ó aistriú sóisialta in 2004, líon a mhéadaigh go 87 faoin gcéad in 2011. Is ionann seo agus athrú réasúnta beag ar chomhréir na dteaghlach a fhaigheann ioncam éigin ó aistriú sóisialta. Tá an figiúr go hard toisc go bhfaigheann gach teaghlach ina bhfuil leanaí cleithiúnacha sochar linbh, agus toisc go bhfaigheann beagnach gach duine fásta in aois scoir aistriú sóisialta maidir le seanaois.

Bhí an t-athrú ar an líon meánach teaghlach a bhí ag fáil ioncam áirithe ó aistriú sóisialta níos suntasaí. Mhéadaigh méid meánach comhlán an aistrithe shóisialta i dteaghlaigh a fuair ioncam ar bith den chineál seo ó €233 in aghaidh na seachtaine in 2004 go €327 in aghaidh na seachtaine in 2011, i dtéarmaí phraghsanna 2011. Bhí cuid de seo i gceist mar gheall ar mhéadú ar rátaí

íocaíochta aistrithe shóisialta idir 2004 agus 2009, ach bhí an chuid is mó de i gceist mar gheall ar athrú ar chineál na híocaíochta a fhaightear. Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar dhífhostaíocht, d'athraigh cuid mhaith teaghlach in aois oibre ina bhfuil leanaí nach raibh ach sochar linbh á fháil acu roimh an gcúlú eacnamaíoch, d'athraigh siad go sochar linbh a fháil móide íocaíocht leasa shóisialaigh a bhain le dífhostaíocht tar éis an chúlaithe.

Athruithe ar chomhdhéanamh an ioncaim ó aistriú sóisialta

Agus muid ag breathnú ar chatagóirí aistrithe shóisialta níos leithne, mhéadaigh aistriú sóisialta stáit de réir tástáil acmhainne mar chomhréir den ioncam comhlán teaghlaigh ó 6 faoin gcéad in 2004 go 10 faoin gcéad in 2011; mhéadaigh íocaíochtaí stáit nach bhfuil de réir tástáil acmhainne ó 8 go 12 faoin gcéad; mhéadaigh pinsin cheirde ó 4 go 6 faoin gcéad; agus d'fhan an sochar linbh mórán mar a bhí sé ag tuairim is 3 faoin gcéad.


Maidir leis an gcatagóir scéime, ba é an príomhathrú ná an méadú ar líon na n-íocaíochtaí dífhostaíochta, líon a mhéadaigh ó 12 faoin gcéad d'íocaíochtaí aistrithe shóisialta in 2004 go 20 faoin gcéad faoi 2011. Fuair 16 faoin gcéad de na teaghlaigh go léir roinnt ioncam aistrithe shóisialta a bhain le dífhostaíocht in 2004, líon a mhéadaigh go 29 faoin gcéad faoi 2011. Ag an am céanna, bhí méadú mór ar líon na n-íocaíochtaí dífhostaíochta a bhí de réir tástáil acmhainne (ó 5 faoin gcéad den aistriú sóisialta go léir in 2004 go 12 faoin gcéad faoi 2011), fad is a tháinig méadú an-bheag ar líon na n-íocaíochtaí dífhostaíochta nach bhfuil de réir tástáil acmhainne (ó 7 go 8 faoin gcéad den aistriú comhlán sóisialta).

Cuid 2: Athrú ar éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta

Léiríonn [Figiúr 1](#) agus [2](#) dhá thomhas ar éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta sna blianta 2004, 2007 agus 2011 in Éirinn. Tá an laghdú ar an ráta bochtaineachta (féach [Figiúr 1](#)) bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir céatadán na dteaghlach faoi bhun na tairsí bochtaineachta roimh aistriú sóisialta (.i. gan ach ioncam


margaidh a chur san áireamh) agus céatadán na dteaghlach atá faoi bhun na tairsí bochtaineachta nuair a chuirtear aistriú sóisialta san áireamh. Léiríonn [Figiúr 1](#) go ndearna aistriú sóisialta laghdú 53 faoin gcéad ar an ráta bochtaineachta roimh aistriú in 2004, rud a mhéadaigh go 63 faoin gcéad faoi 2007 agus 71 faoin gcéad faoi 2011.

Figióir 1 Dearbhlaghdú agus laghdú céatadáin ar an ráta bochtaineachta, 2004-2011



Cuireann an dara tomhas ar éifeachtacht an bhearna idir ioncam margaidh agus an tairseach bochtaineachta (rud atá socraithe ag náid má tá ioncam margaidh an teaghlaigh os cionn na tairsí) san áireamh. Déannann sé tomhas ar an laghdú ar an mbearna nuair a chuirtear aistriú sóisialta san áireamh. Tá an laghdú ar an mbearna bochtaineachta (féach Figióir 2) níos mó ná an laghdú ar an ráta bochtaineachta, ach tá an méadú de réir a chéile níos lú: ó 84 faoin gcéad in 2004 go 88 faoin gcéad in 2011. Ós rud é go raibh an táscaire éifeachtachta seo go hard cheana in 2004, ba lú an scóip a bhí ann chun feabhsú a dhéanamh.

Figióir 2 Dearbhlaghdú agus laghdú céatadáin ar an mbearna bochtaineachta, 2004-2011



Cuid 3: Cén fáth a bhfuil méadú ar éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta?

Is é an príomhfháth atá leis an bhfeabhsú ar éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta ná gur mhéadaigh an méid a caitheadh go mór i gcoibhneas na bearna bochtaineachta. Bhí roinnt próiseas áirithe mar bhonn leis seo:

Ar an gcéad dul síos, bhí méadú ar rátaí íocaíochtaí leasa shóisialaigh suas go dtí 2009. Léiríonn **Tábla 1** gur mhéadaigh an t-aistriú sóisialta a bhí de réir tástáil acmhainne agus nach raibh, agus aistriú sóisialta eile (pinsin cheirde go príomha), go léir le himeacht aimsire, ach gur tháinig an méadú is mó ar íocaíochtaí de réir tástáil acmhainne. Tharla an méadú seo go príomha mar gheall ar mhéadú ar líon na ndaoine a bhí ag brath ar íocaíochtaí, amhail an liúntas cuardaitheora poist.

Ar an dara dul síos, ba é an cás i rith an chúlaithe eacnamaíoch:

- bhí líontán sábhála íocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhain le dífhostaíocht de dhíth ar thuilleadh daoine,

- thit an tairseach bhochtaineachta de réir mar a tháinig laghdú ar ioncam margaidh, rud a laghdaigh méid na bearna bochtaineachta,
- coinníodh rátaí mhóramh na n-íocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh do dhaoine fásta níos sine mar a bhí siad, agus
- tháinig laghdú níos lú ar na rátaí íocaíochta le daoine fásta níos óige (seachas daoine faoi bhun 25 bliain d’aois) ná mar a tháinig ar an tairseach bhochtaineachta.

Athrú ar acmhainneacht laghdaithe bochtaineachta

Is ionann acmhainneacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta agus méid iomlán an aistrithe shóisialta i gcoibhneas na bearna bochtaineachta (féach **Tábla 1**). Ba é an caiteachas iomlán ar aistriú sóisialta go teaghlaigh in 2004 agus 1.66 uair mhéid na bearna bochtaineachta ó thaobh ioncam margaidh de, ach bhí sé seo tar éis méadú go 1.84 uair faoi 2011.

Tábla 1 Bearna bhochtaineachta ioncam margaidh mheánach, aistriú sóisialta meánach agus acmhainneacht an aistrithe shóisialta laghdú a dhéanamh ar an mbearna bhochtaineachta (praghsanna 2011)

	2004	2007	2011
Bearna bhochtaineachta ioncam margaidh in aghaidh na seachtaine	€120	€133	€155
Iomlán an aistrithe shóisialta in aghaidh na seachtaine	€199	€236	€286
Aistriú sóisialta nach bhfuil de réir tástáil acmhainne, in aghaidh na seachtaine	€104	€123	€135
Aistriú sóisialta atá de réir tástáil acmhainne, in aghaidh na seachtaine	€58	€71	€98
Aistriú sóisialta, pinsin cheirde is araile, in aghaidh na seachtaine	€37	€43	€53
Acmhainneacht laghdaithe bochtaineachta	1.66	1.77	1.84
Acmhainneacht, nach bhfuil de réir tástáil acmhainne	0.87	0.92	0.87
Acmhainneacht, de réir tástáil acmhainne	0.48	0.53	0.63
Acmhainneacht, pinsin cheirde srl.	0.31	0.32	0.34

Cuid 4: Athrú ar éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta

Ní bheadh an caiteachas méadaithe tar éis cur le laghdú bochtaineachta mura mbeadh sé dírithe ar theaghlaigh a bheadh bocht murach é. Is ionann éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta agus an oiread a chuireann an méid a chaitear le fíorlaghdú a dhéanamh ar an mbearna bhochtaineachta.

Léiríonn **Tábla 2** gur fhan éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta mórán mar an gcéanna sa tréimhse seo (45-50%). Nuair a dhéanaimid measúnú ar éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta mar

mheán i measc na dteaghlach éagsúil, tá laghdú beag tagtha air, ach nuair a dhéanaimid measúnú air i measc daoine, tá méadú beag tagtha air idir 2004 agus 2011. Tá an difear ann toisc gur mhéadaigh an éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta i measc na dteaghlach atá níos mó, agus ós rud é go bhfuil níos mó daoine ina gcónaí sna teaghlaigh seo, luaitear suntas níos mó le teaghlaigh atá níos mó nuair a thuairiscimid na torthaí ar leibhéal aonair.

Table 2 Efficiency of social transfers: proportion contributing to closing the poverty gap

	2004	2007	2011
Céatadán an aistrithe shóisialta a chuireann leis an laghdú ar an mbearna bhochtaineachta (leibhéal teaghlaigh)	50%	49%	48%
Céatadán an aistrithe shóisialta a chuireann leis an laghdú ar an mbearna bhochtaineachta (leibhéal an duine aonair)	45%	45%	48%

Cuid 5: Tionchar an aistrithe shóisialta ar bhochtaineacht de réir grúpa saolré

Déanann an tuarascáil breithniú ar cé acu an raibh nó nach raibh difear idir thionchair an aistrithe shóisialta i ngrúpaí saolré éagsúla (leanaí, daoine fásta in aois oibre agus daoine fásta in aois scoir) agus de réir míchumais, inscne agus sna teaghlaigh gan phost. Bhí an taighde seo déanta ar leibhéal an duine aonair, toisc gur comharthaí sóirt daoine iad inscne, aois agus stádas míchumais.

Bhí difear idir na grúpaí saolré ó thaobh oiread a spleáchais ar ioncam ó aistriú sóisialta. Bhí an leibhéal spleáchais ab airde ar ioncam ó aistriú sóisialta i measc daoine i dteaghlaigh gan phost (fuair siad 85 faoin gcéad dá n-ioncam ó aistriú sóisialta) agus daoine in aois scoir (77 faoin gcéad) in 2011. Bhí an leibhéal go hard chomh maith i gcás daoine faoi mhíchumas (54 faoin gcéad).

Léiríonn **Tábla 3** an éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta – agus í tomhaiste de réir laghdú ar bhearna bochtaineachta an ioncaim mhargaidh - de réir grúpa saolré in 2011 agus an t-athrú air seo ó 2004. Bhí an éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta in 2011 idir 84 faoin gcéad i gcás daoine fásta in aois oibre agus 95 faoin gcéad i gcás daoine fásta in aois scoir, chomh maith le figiúirí 87 faoin gcéad i gcás leanaí agus daoine i dteaghlaigh a bhfuil déine íseal oibre ar siúl acu (gan phost). Bhí an feabhsú (coibhneasta) céatadán ba mhó ar éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta ó 2004 i measc leanaí (feabhsú 20 faoin gcéad).

Tábla 3 Éifeachtacht agus éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta maidir le bearna bochtaineachta de réir grúpa saolré

		Éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta		Éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta	
		2011 (%)	Athrú 04-11 (%)	2011 (%)	Athrú 04-11 (%)
Inscne	Fireann	85%	8%	46%	11%
	Baineann	88%	12%	49%	2%
Aoisghrúpa	Leanaí (faoi 18)	87%	20%	54%	13%
	Aois oibre (18-64)	84%	11%	44%	20%
	Aois scoir (65+)	95%	0%	48%	-24%
Míchumas	Gníomhaíocht theoranta	92%	4%	54%	-12%
Déine oibre	An-íseal (gan phost)	87%	14%	80%	-9%
Iomlán					
Total		87%	10%	48%	7%

Bhí íocaíochtaí aistrithe shóisialta éifeachtach go háirithe i laghdú bochtaineachta i measc daoine fásta in aois scoir. Bhí sé seo nasctha le leitheadúlacht níos mó na n-íocaíochtaí nach bhfuil de réir tástáil acmhainne agus na bpinsean ceirde i measc an ghrúpa seo.

Tá éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta na n-íocaíochtaí aistrithe shóisialta ar taispeáint chomh maith ar Thábla 3. Bhí sé seo i bhfad níos airde i gcás na ndaoine i dteaghlaigh gan phost (80 faoin gcéad) ná mar a bhí sé sna grúpaí eile. Tá an cás

seo ann toisc go bhfuil níos mó den aistriú sóisialta atá á thabhairt do theaghlaigh gan phost de réir tástáil acmhainne, agus is gnách do na cineálacha íocaíochta seo a bheith níos éifeachtúla ó thaobh laghdú bochtaineachta de.

Ní raibh éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta maidir le bochtaineacht i measc leanaí in 2011 ach beagán os cionn an mheáin (54 faoin gcéad i gcomparáid le 48 faoin gcéad ar an meán) agus bhí feabhsú i gceist ó 2004 (13 faoin gcéad).

Cuid 6: Aistriú sóisialta in Éirinn agus i 15 thír an AE

Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir cás na hÉireann agus cás tíortha eile san Eoraip, úsáidtear táscairí ag leibhéal an AE. Úsáidtear tomhas baol bochtaineachta (BB) an AE agus ríomhtar an éifeachtacht agus an éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta le haghaidh na mblianta 2005 agus 2010. Agus coinbhinsiúin Eurostat á leanúint, tuairiscítear torthaí maidir le daoine aonair.


Roghnaíodh 2005 mar bhonnbhliain toisc nach raibh an RA, an Ghearmáin agus an Ísiltír mar chuid den suirbhé roimhe seo. Nuair a bhí sé seo á scríobh, ní raibh sonraí ar bith ó SIDM-AE (EU-SILC) 2011 ar fáil i gcás na hÉireann.

Tugann an tuarascáil le fios gur mhéadaigh aistriú sóisialta na hÉireann ó chomhréir ioncaim a bhí réasúnta íseal in 2005 (an dara ceann ab ísle de 15 thír an AE) go comhréir réasúnta ard faoi 2010 (an

dara ceann ab airde) i gcomparáid le tíortha eile de 15 thír an AE. Bhí an cás seo ann go páirteach mar gheall ar an laghdú ar ioncam margaidh mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíoch, ach bhí fíormhéadú chomh maith ar leibhéal íocaíochta aistrithe shóisialta in Éirinn suas go dtí 2009.

Léiríonn **Figure 3** an gaol idir éifeachtacht agus éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta i gcás 15 thír an AE in 2010. Is gnách go mbíonn gaol dearfach idir leibhéal na héifeachtachta agus na héifeachtúlachta laghdaithe bochtaineachta ar fud 15 thír an AE: is gnách go mbíonn leibhéal éifeachtachta níos airde sna tíortha ina mbíonn leibhéal éifeachtúlachta níos airde chomh maith. Tugann sé seo le fios gur féidir córas d'aistriú sóisialta a cheapadh chun leibhéal réasúnta ard d'éifeachtacht agus d'éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta a bhaint amach.

Figiúr 3 Éifeachtacht agus éifeachtúlacht an aistrithe shóisialta i maolú bochtaineachta maidir leis an mbearna bhochtaineachta i 15 thír an AE, 2010



Bhí Éire gar do bharr réimse 15 thír an AE ó thaobh éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta de (90%) in 2010. B'fheabhsú é seo i gcomparáid le 2005, nuair nach raibh Éire ach i lár réimse 15 thír an AE.

Bhí éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta in Éirinn thart ar lár réimse 15 thír an AE (48%) in 2010, tar éis di titim beagán ó 2005.

Cuid 7: Impleachtaí polasaí

Tá dhá impleacht ghinearálta polasaí agus impleachtaí ar leith do leanaí agus teaghlaigh gan phost mar thoradh ar an tuarascáil:

Éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta

- Tugann an leibhéal réasúnta ard d'éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta in Éirinn de réir chaighdeán an AE, agus an chaoi go bhfuil sé tar éis méadú de réir a chéile, tugann sé seo le fios go bhfuil scóip theoranta ann chun idirghabháil nua pholasaí a dhéanamh chun feabhsú a dhéanamh ar leibhéal foriomlán na héifeachtachta. Ach tá grúpaí áirithe ann a d'fhéadfadh leas a bhaint as aird mhéadaithe a bheith dírithe orthu.

Éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta a chothromú le spriocanna polasaí eile

- Tá an seans ann go bhféadfaí feabhsú a dhéanamh ar éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta, ach is gá seo a chothromú le spriocanna polasaí eile, amhail rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a spreagadh. Mar shampla, d'fhéadfadh dídhreasacht láidir oibre a bheith mar thoradh ar oiread na tarraingthe siar sochar a mbeadh gá leis chun ardleibhéal éifeachtachta a bhaint amach.

Impleachtaí don pholasaí i leith bochtaineacht leanaí

- Níl éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta an aistrithe shóisialta do leanaí ach beagán os cionn an mheáin ar fud na ngrúpaí saolré. Nuair a chuirtear seo san áireamh le hiarmhairtí diúltacha fadtéarmacha bochtaineachta i measc leanaí, treisíonn sé seo tábhacht na béime ar bhochtaineacht i measc leanaí sa sprioc náisiúnta shóisialta um laghdú bochtaineachta.
- Tá sé tábhachtach bochtaineacht i measc leanaí a thuiscint agus dul i ngleic léi i gcomhthéacs dul i ngleic le bochtaineacht i measc na ndaoine siúd atá in aois oibre. Tá an cás seo ann toisc nach bhfuil dhá thrian den aistriú sóisialta a thugtar do theaghlaigh ina bhfuil leanaí bainteach go sonrath

le leanaí, ach é bainteach le rioscaí eile a bhíonn ar theaghlaigh aois oibre (m.sh. dífhostaíocht, tuistiú aonair agus míchumas).

- Ós rud é go bhfuil an éifeachtacht laghdaithe bochtaineachta i gcás na dteaghlach ina bhfuil leanaí os cionn an mheáin, ní sprioc ríshoiléir é aistriú sóisialta a dhéantar go dtí na teaghlaigh sin in iarracht ar bith chun éifeachtúlacht an chórais aistrithe shóisialta a fheabhsú.

Impleachtaí don pholasaí ar theaghlaigh gan phost

- Tugann leibhéal ard na ndaoine gan phost in Éirinn fiú nuair a bhí borradh eacnamaíoch ann le fios go bhfuil gá le straitéisí cuí gníomhachtaithe margadh saothair de réir mar a chuirimid an cúlú eacnamaíoch dinn. Ba chóir go mbeadh seirbhísí oiliúna agus tacaíochta sainoiriúnaithe dírithe ar dhaoine nár tairgeadh na bearta gníomhachtaithe seo dóibh de ghnáth (m.sh. tuismitheoirí aonair agus daoine faoi mhíchumas)
- Tá gá le dearcadh 'teaghlaigh iomláin' i mbreithniú dhearadh an chórais leasa shóisialaigh, go háirithe maidir le híocaíochtaí de réir tástáil acmhainne. Ba chóir breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag filleadh duine amháin ar obair ar theidlíocht sochair daoine eile sa teaghlach céanna.
- Caithfear leanúint den bhéim ar chosaint ioncaim. Ós rud é go bhfuil leath de na daoine atá i dteaghlaigh gan phost ina ndaoine fásta faoi mhíchumas nó ina leanaí, níor mhaith an rud é spleáchas rómhór ar straitéisí gníomhachtaithe nach gcosnaíonn daoine aonair i dteaghlaigh gan phost ó bhochtaineacht, agus chuirfidís seo isteach ar an gcumas cloí leis an sprioc bochtaineacht a laghdú i measc na ngrúpaí sin.
- Measadh aistriú sóisialta a bhí faighte ag teaghlaigh gan phost in 2011 a bheith os cionn an mheáin ó thaobh éifeachtúlacht laghdaithe bochtaineachta de, agus os cionn an mheáin ó thaobh éifeachtachta de. Agus an cás seo ann, ní bheadh sé stuama breathnú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh le teaghlaigh gan phost a bheith 'ró-fhlaithiúil'.

Eolas faoin bhfoilseachán

Tá an tuarascáil taighde dar teideal *Aistriú Sóisialta agus Maolú Bochtaineachta in Éirinn: Anailís ar an tSuirbhéireacht ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2004-2011* foilsithe ag www.socialinclusion.ie agus www.esri.ie. Tá leagan Gaeilge den fhaisnéis taighde ar fáil ar líne. Tá tagairtí agus gluais téarmaí ar fáil sa phríomhthuarascáil.

Bhí an tuarascáil taighde foilsithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí i gcomhar leis an ITES mar chuid den tSraith Tuarascálacha ar Chuimsiú Sóisialta. Tá sonraí a tógadh ón SIDM-AE trasghearrthach (Staidreamh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála, UDB 2005 – UDB 2007-UDB 2010) a rinne an Coimisiún Eorpach, Eurostat, á n-úsáid sa tuarascáil seo. Níl aon fhreagracht ar Eurostat as na torthaí agus na conclúidí sa tuarascáil seo. Tá na húdair féin amháin freagrach as an dearcadh, tuairimí, torthaí, conclúidí agus/nó moltaí atá curtha in iúl, rudaí nach bhfuil inchurtha i leith an ITES, dream nach mbíonn seasamh polasaí institiúidigh á ghlacadh acu, agus níl na tuairimí inchurtha i leith na Roinne ach an oiread. Tá na taighdeoirí freagrach as cruinneas an taighde agus déantar athbhreithniú paraí ar gach tuarascáil.